

Ábhar

Clubanna leabhar

Téacs Físe

Anna Heussaff, úrscéalaí, ag labhairt faoi chlubanna leabhar.

Forbairt Bhreise

Sliocht as an leabhar *Scribhneoirí faoi Chaibidil* (eag. Alan Titley, Cois Life: 2010).

Le caoinchead ó Cois Life agus ón údar.

Sliocht faoi clubleabhar.com as an suíomh gréasáin scribhneoirioga.blogspot.com

Le caoinchead ó clubleabhar.com

Ní cúrsa teagaisc ná plean ranga atá i gceist leis an ábhar samplach seo. Is **sampla** atá ann de na cineálacha tascanna a d'fhéadfaí a bhunú ar théacsanna éagsúla d'fhonn na hinniúlachtaí agus na scileanna atá á gcur chun cinn sa siollabas a fhorbairt. Moltar go gcuirfeadh teagascóirí an t-ábhar **in oiriúint dá gcuid mac léinn féin**.



Clubanna Leabhar

Réamhobair

Beidh tú ag féachaint ar mhír fise ina bhfuil Anna Heussaff, úrscéalaí, ag cur síos ar chlubanna leabhar. Sula bhféachfaidh tú ar an mír, déan an réamhobair thíos.

Tascanna

- Scríobh cur síos ar an tuiscint atá agat ar cad is club leabhar ann.
- Déan ransú intinne ar fhocail a bhaineann le léitheoireacht agus leis an leabharlann. Cuir liosta le chéile. An bhfuil Gaeilge agat ar na cinn seo a leanas?

an appendix
an introduction

a reference
an index
a bibliography
copyright
in print / out of print
short-term loan
abridged edition
autobiography
bestseller
hardback
reference book
memoirs

Plé

- Cad a shíleann tú faoi (i) líon na leabhar; (ii) na háiseanna leictreonacha; (iii) seirbhísí eile atá sa leabharlann sa choláiste seo?
- Cad iad na háiseanna a gcuirfeá feabhas orthu sa leabharlann, dá bhféadfá?
- An mbíonn fadhb sa choláiste le haon cheann de na nithe seo?
 - leathanaigh thábhachtacha á stróiceadh as leabhair
 - leabhair atá ag teastáil do chúrsaí áirithe á gcoimeád rófhada ag mic léinn áirithe
 - nótaí léachta á ngoid ó mhic léinn sa leabharlann
 - gan go leor spásanna staidéir a bheith ar fáil sa leabharlann
 - gan go leor áiseanna fótachóipeála a bheith ar fáil sa leabharlann

- Ar bhain tú riamh úsáid as gléasanna mar *kindle* agus an *i-reader*? Cad a cheapann tú dá leithéid? An dóigh leat go bhfuil ré an leabhair thart?

Éisteacht

Anois féach ar an mír agus freagair na ceisteanna seo:

- Cén cur síos a dhéanann Anna ar chlub leabhar? Scríobh an méid eolais agus is féidir.
- Cad iad na seánraí éagsúla a luann Anna?

Feasacht Teanga

- Cén Ghaeilge a bheadh agat ar na focail seo?

book shop
book title
book launch

- ‘...leabhair á dtógáil ar iasacht ón leabharlann...’

Pléigh an struchtúr thuas agus déan iarracht na lúbíní thíos a bhaint amach.

Tá aiste á (tógáil) ar iasacht
Tá leabhar á (tógáil) ar iasacht
Tá tuairisc á (tógáil) ar iasacht

- ‘...ochtar, deichniúr, b’fhéidir dháréag i ngrúpa...’

Scríobh an leagan ceart de na huimhreacha agus na hainmfhocail thíos:

2 + fear	2 + bean
8 + bean	6 + mac léinn
13 + mac léinn	12 + duine
9 + múinteoir	3 + ollamh
10 + garda	7 + státseirbhíseach
2 + ceoltóir	4 + eachtrannach

- ‘...cad a thaitin leo, cad nár thaitin leo...’

Ag déanamh aithrise ar an múnla thuas scríobh an fhoirm dhiúltach de na frásaí seo:

cad a rinne

cad a d'ól
cad a d'ith
cad a dúirt
cad a chuala
cad a fuair
cad a chonaic
cad a tháinig
cad a chuaigh

- Scríobh an leagan ceart d'ainmneacha na n-údar thíos a luann Anna sa mhír.

gearrscéalta (Pádraic Ó Conaire)
scéalta (Máirtín Ó Cadhain)
leabhair (Seosamh Mac Grianna)
úrscéalta (Pádraig Standún)
úrscéalta (Micheál Ó Conghaile)

Iarobair

Plé

- An bhfuil aon rud ar eolas agat faoi na leabhair / na húdair seo a leanas a luann Anna?

gearrscéalta Phádraic Uí Chonaire
scéalta Mháirtín Uí Chadhain
leabhair le Seosamh Mac Grianna
úrscéalta le Pádraig Standún
úrscéalta le Micheál Ó Conghaile
úrscéalta le hÉilís Ní Dhuibhne

- Luann Anna na clasaicigh. Cén tuiscint atá agat ar 'chlasaiceach'. An bhfuil aon chuid de chlasaigh an Bhéarla léite agat?

Tascanna

- Déan liosta de sheánraí éagsúla léitheoireachta. Ansin féach ar an sliocht thíos a scríobh Alan Titley faoi na seánraí éagsúla a chleacht Máirtín Ó Cadhain. Aimsigh na focail nach dtuigeann tú san acmhainn chúil.

Áirítear Máirtín Ó Cadhain mar phríomhscríbhneoir próis na haoise seo caite. Meastar sin ar fheabhas a chuid saothair, ach chomh maith leis sin ar éagsúlacht agus ar réimse a spéise. Scríobh sé úrscéalta, gearrscéalta, scéalta ar scéalta iad seachas gearrscéalta nó úrscéalta, ficsean, dréachtaí próis, bleaisteanna, reitric, paimfléid, aistí polaitiúla agus staire, critic liteartha, léirmheasanna leabhar, léirmheasanna nár léirmheasanna leabhar

iad, aortha, aistriúcháin, drámaí nár léiríodh, sleachta fada próis nach bhfuil ainm ar bith againn orthu, cuntais agus cumarsáidí a bhuaíl an sprioc nó a d'imigh ar fóraoil. Bhailigh sé béaloideas chomh maith, bíodh nár mhór é a mheas air mar ábhar litríochta. Ba mhór aige teanga agus tuiscintí an tseanshaoil, ach theastaigh uaidh iad a fhágaint ina dhiaidh. Fear é nach bhfuair riamh ach bunoidéachas na scoile náisiúnta – i leataobh ó thréimhse ghairid meánscolaíochta móide oiliúint mar mhúinteoir sa choláiste oiliúna – ach a chríochnaigh a shaol mar ollamh le Gaeilge i gColáiste na Tríonóide, i mBaile Átha Cliath.

Scribhneoirí faoi Chaibidil (eag. Alan Titley, Cois Life: 2010).

- Léigh an cur síos thíos as blag na Scribhneoirí Úra (scribhneoirioga.blogspot.com) faoin gclub leabhar a ndéanann Anna trácht air. An dóigh leat go mbeadh spéis agat féin ina leithéid? An mbíonn sé deacair leabhair Ghaeilge a léamh? Cén fáth?

Le tamall de bhlianta anuas d'éirigh go breá le clubanna leabhar i mBéarla, *The Oprah Winfrey Book Club* agus Club Leabhar *Richard and Judy* daoine a spreagadh i dtreo na léitheoireachta. Anois, tá an comhlacht Gaelchultúr ag súil go gcuirfidh léitheoirí úra suim i leabhair Ghaeilge, idir leabhair nua-fhoilsithe agus chlasaíoch atá fós i gcló, mar chuid de thionscadal nua ar líne dar teideal clubleabhar.com.

Tá suíomh nua do léitheoirí na Gaeilge ar an saol agus beidh na léitheoirí sin in ann na leabhair a phlé ar líne anois agus ag ócáidí éagsúla a réachtálfar timpeall na tíre ar bhonn rialta.

Anuas air sin déanfar léirmheas ar leabhar na míosa ar an gclár Gaeilge 'Splanc' ar an stáisiún raidió Newstalk 106 agus beidh nasc chuig podchraoladh den chlár seo le fáil ar clubleabhar.com.

Is é seo an chéad tionscadal dá leithéid a cuireadh ar bun ar líne as Gaeilge agus táthar ag súil go mbeidh léitheoirí ar fud an domhain in ann páirt a ghlacadh ann.

Níl aon táille i gceist leis ach oiread. 'Ní thógann sé ach nóiméad clárú don chlub ag www.clubleabhar.com,' a deir Sara-Jane Ní Ghabhann ó Ghaelchultúr. 'Beifear ag díriú ar leabhar nua gach mí agus beidh deis ag na baill plé a dhéanamh ar an saothar i bhfóram an tsuímh.'

Beidh tacaíocht ar fáil do léitheoirí chomh maith mar beidh míniú Béarla ar na focail agus na frásaí is deacra sna leabhair a bheidh á bplé, agus nuair a bheidh leabhar na míosa á roghnú ag clubleabhar.com beidh siad ag seachaint ábhar trom acadúil. Dar le Sarah-Jane, 'Tá sé beartaithe againn leabhair a bheidh róchasta agus acadúil a sheachaint. Tabharfar tús áite d'úrscéalta agus do chnuasaigh ghearrscéalta, ach beidh seánraí eile

(filíocht agus leabhair thaistil, cuir i gcás) i gceist ó am go chéile chomh maith.’

- Cé acu de na focail seo is fearr a d’oirfeadh don phíosa scríbhneoireachta thuas? Cén fáth? Scríobh míniú.

preasráiteas

tuairisc

alt

fógra

Cad iad na tréithe a bhaineann leis na cineálacha éagsúla scríbhneoireachta thuas?

- Féach ar an suíomh www.clubleabhar.com agus éist le podchraoladh de chlár raidió ina bpléitear leabhar. Scríobh cuntas gearr ar an méid a deirtear faoin leabhar sa chlár.

Téipscript

So cad atá i gceist le club leabhar?

An rud atá i gceist le club leabhar ná grúpa daoine a thagann le chéile chun caint faoi leabhar áirithe a léigh gach duine sa ghrúpa. De ghnáth bíonn ochtar, deichniúr, b'fhéidir dháréag i ngrúpa, uaireanta is cairde iad nó comharsana, nó comhghleacaithe – daoine atá ag obair in aon áit amháin – nó tá an-chuid clubanna leabhar bunaithe i leabharlanna agus ar ndóigh, oireann sé don leabharlann go mbeadh daoine ag teacht isteach ag caint faoi leabhair agus á dtógáil ar iasacht ón leabharlann. Agus roghnaítear leabhar amháin – uair sa mhí de ghnáth – agus ansin pléann daoine a gcuid tuairimí – cad a thaitin leo, cad nár thaitin leo, agus bíonn plé acu faoin sórt sin seánra léitheoireachta. Tá clubanna áirithe agus léann siad úrscéalta an t-am ar fad, tá cuid eile a léann gach aon sórt seánra. An club ina bhfuilim féin le fiche bliain anuas léimid beathaisnéisí, leabhair staire, leabhair pholaitíochta, agus úrscéalta.

Agus an bhfuil clubanna leabhar Gaeilge ann?

Tá clubanna Gaeilge ann ar fud na tíre, ón teagmháil atá déanta agamsa leo. Tá ceithre nó cúig chlub i mBaile Átha Cliath ar a laghad, tá cinn i gcuid de na Gaeltachtaí, i gConamara, i gCorca Dhuibhne, tá ceann ana-ghníomhach i mBaile an Chabháin. So tá...ní thógann sé ach dream beag daoine club leabhar a bhunú. De ghnáth casann daoine le chéile ina dtithe féin nó i leabharlanna má oireann sin...so níl mórán costais ag baint leis ach an leabhar a cheannach nó a fháil ón leabharlann. Agus i gcás na gclubanna Gaeilge, ón teagmháil a bhí agamsa leo, tá réimse leabhar Gaeilge á leamh acu – léann siad na clasaicigh ar nós ghearrscéalta Phádraic Uí Chonaire, scéalta Mháirtín Uí Chadhain, leabhair le Seosamh Mac Grianna, agus freisin léann siad leabhair chomhaimseartha ar nós úrscéalta le Pádraig Standún, le Micheál Ó Conghaile, le hÉilís Ní Dhuibhne, agus tá áthas orm a rá go bhfuil an chéad úrscéal a scríobh mé féin – *Bás Tobann* – léite ag go leor clubanna leabhar chomh maith.

Agus má tá duine ina chónaí i gceantar nach bhfuil club leabhar ar bith ann, an bhfuil a leithéid de rud ann agus club leabhar ar líne, nó a leithéid sin?

Tá club leabhar nua ar líne díreach tosaithe – club leabhar Gaeilge – clubleabhar.com an t-ainm, an teideal atá ar an suíomh. Agus an rud atá i gceist ná go mbeidh leabhar á roghnú gach mí agus léifidh daoine ar fud an domhain – ní in Éirinn amháin ach i dtíortha eile, a bhfuil Gaeilge acu, léifidh siad an leabhar sin agus ansin tá fóram ar an suíomh chun gur féidir le daoine a gcuid tuairimí a thabhairt faoin leabhar. Tá nascanna le siopaí leabhar ionas gur féidir leo na leabhair a ordú agus freisin le gach leabhar na míosa beidh gluais dhátheangach ag gabháil leis ionas gur féidir na focail dheacra a mhíniú nó go mbeidh aistriúchán ar fáil orthu.